Dé Céadaoin 15. Feabhra 2023

P9_TA(2023)0040

Leasuithe ar an Rialachán maidir le Cistí Infheistíochta Fadtéarmaí Eorpacha (ELTIFanna)

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 15 Feabhra 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní agus infheistíochtaí incháilithe, ceanglais maidir le comhdhéanamh agus éagsúlú punainne, iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile a mhéid a bhaineann le ceanglais a bhaineann le húdarú, beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmaí Eorpacha (COM(2021)0722 – C9-0435/2021 – 2021/0377(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(2023/C 283/23)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0722),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0435/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 23 Márta 2022 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don ghealltanas a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 7 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0196/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

PC_TC1-COD(2021)0377

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 15 Feabhra 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2015/760 a mhéid a bhaineann leis na *ceanglais a bhaineann le beartais infheistíochta agus coinníollacha oibriúcháin cistí infheistíochta fadtéarmacha Eorpacha agus* a mhéid a bhaineann le raon feidhme sócmhainní *infheistíochta* incháilithe, na ceanglais maidir le comhdhéanamh agus éagsúlú punainne, *agus* iasachtaíocht airgid thirim agus rialacha ciste eile

(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2023/606)

([1]) IO C 290, 29.7.2022, lch. 64.